## Cad é mar a bheidh a fhios agam go mbeidh mo leanbh faoi chosaint?

Déanfar tástáil ar fhuil do linbh ag 12 mí d'aois chun a chinntiú go bhfuil siad faoi chosaint iomlán agus nár ionfhabhtaíodh iad leis an víreas.

**Bíonn cúrsa iomlán vacsaínithe éifeachtach chuig 90–95% chun do leanbh a chosaint ó ionfhabhtú fadtéarmach heipitíteas B.**

## An bhfuil an vacsaín heipitíteas B slán?

Tá an vacsaín iontach slán agus tugadh na milliúin dáileog do pháistí ar fud an domhain gan aon fho-iarmhairtí tromchúiseacha.

## An mbeidh sé slán mo leanbh a chothú mé féin?

Beidh - ach mar sin féin ba chóir do do leanbh cúrsa iomlán vacsaínithe a fháil. Cé go bhfuarthas méideanna beaga den víreas i mbainne cíche, níor tugadh tuairiscí ar bith ar leanaí a d'éirigh ionfhabhtaithe trí bheathú cíche. Laghdófar an baol ach aire mhaith a thabhairt do do shiní chun scoilteadh agus cur fola a sheachaint, agus vacsaíniú do naíonáin.

## An rachaidh ionfhabhtú heipitíteas B i bhfeidhm ar mo thoircheas agus ar shaolú mo linbh?

Ní rachaidh. Ní rachaidh ionfhabhtú heipitíteas B i bhfeidhm ar do thoircheas nó ar shaolú do linbh.

**Má tá aon cheist nó aon imní eile agat, labhair le do bhean chabhrach nó le do dhochtúir.**

## Cad é mar is féidir liom baill teaghlaigh eile a chosaint ar heipitíteas B?

Is féidir heipitíteas B a tharchur i measc teaghlaigh nó trí chaidreamh collaí. Mura ndearna tú amhlaidh roimhe seo, mholfaimis go ndéanfaí tástáil heipitíteas B ar do chéile agus ar do bhaill teaghlaigh, do pháistí san áireamh, agus go dtabharfaí cúrsa vacsaínithe dóibh ina dhiaidh sin chun iad a chosaint.

## Eolas úsáideach

Northern Ireland Hepatitis B and C Managed Clinical Network
www.hepbandcni.net


British Liver Trust
6 Dean Park Crescent,
Bournemouth BH1 1HL
Líne chabhrach: 0800 652 7330
(idir 10 r.n. go 3 i.n. Luan go hAoine)
Fiosruithe ginearálta: 01425 481320
Ríomhphost: info@britishlivertrust.org.uk
Láithreán gréasáin: www.britishlivertrust.org.uk

Public Health Agency

An Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí,
12–22 Sráid Halla an Línéadaigh,
Béal Feirste BT2 8BS.
Teil: 0300 555 0114 (ráta áitiúil).

www.publichealth.hscni.net

08/17



# Heipitíteas B: do leanbh a chosaint

*Hep B - Irish*

## Cad é heipitíteas B?

Is ionfhabhtú é heipitíteas B arb é an víreas heipitíteas B is cúis leis. Téann an t-ionfhabhtú i bhfeidhm ar an ae den chuid is mó, ach bíonn sé le sonrú san fhuil agus i sreabháin de chuid an choirp. Go leor daoine a mbíonn heipitíteas B orthu, ní bhíonn aon airíonna orthu agus ní bhíonn a fhios acu gurb ionfhabhtaithe iad. Tagann airíonna ar nós an fhliú ar dhaoine eile, agus éiríonn a gcneas agus a súile buí (an galar buí). Ní feidir heipitíteas B a shainaithint ach amháin trí thástáil fola.

Tagann biseach iomlán ar an chuid is mó de na daoine fásta a fhaigheann ionfhabhtú heipitíteas B, ach i gcásanna áirithe fanfaidh an víreas san fhuil. Má tharlaíonn sin, forbróidh na daoine dá mbaineann ionfhabhtú heipitíteas B ainsealach (buan) agus féadfaidh siad an t-ionfhabhtú a thabhairt do dhaoine eile. Braitheann an baol d'fhorbairt ionfhabhtaithe ainsealaigh ar aois an duine nuair a tharlaíonn an t-ionfhabhtú. Is ísle an baol i measc daoine fásta agus is airde an baol i measc leanaí a mbaineann ionfhabhtú heipitíteas B dá máithreacha.

Faightear an heipitíteas B ar fud an domhain. Is coitianta a scaiptear an víreas idir máthair ionfhabhtaithe agus a leanbh, de ghnáth le linn breithe. Meastar go mbaineann ionfhabhtú ainsealach heipitíteas B ar chóir a bheith duine amháin as gach 350 sa Ríocht Aontaithe. Tairgtear tástáil fola heipitíteas B do gach bean thorrach sa Ríocht Aontaithe mar chuid dá cúram réamhbhreithe. Tá an vacsaín heipitíteas B ina chuid den ghnáthchlár imdhíonta óige anois.* Tugtar dáileoga breise freisin do leanaí a mbaineann heipitíteas B dá máithreacha chun cosc a chur le tógáil an ionfhabhtaithe ag leanaí óna máithreacha le linn breithe.

**Tá sé tábhachtach go mbíonn a fhios agat nach mbeidh do leanbh faoi chosaint iomlán mura bhfaigheann siad an cúrsa iomlán vacsaíní.**



*Le tuilleadh eolais a fháil faoin ghnáthchlár imdhíonta óige, féach an bhileog eolais PHA *Imdhíonadh do leanaí suas le bliain amháin d'aois* ag *www.publichealth.hscni.net/publications*

## Cén fáth an bhfuil ionfhabhtú Heipitíteas B ina bhaol tromchúiseach do leanaí?

Suas le 9 as gach 10 leanaí a ionfhabhtaíodh nuair a rugadh iad, forbróidh siad ionfhabhtú buan in éagmais cóireálacha amhail an vacsaíniú. Bíonn na leanaí seo i mbaol galar tromchúiseach ae a fhorbairt agus iad ag fás aníos, agus féadfaidh siad freisin an galar a thabhairt do dhaoine muinteartha agus do theagmhálacha eile ina dhiaidh sin.

**Gan vacsaín a fháil, éireoidh go leor leanaí ionfhabhtaithe a bheirtear do mháithreacha dá mbaineann heipitíteas B.**

## Cad a tharlódh dá mbeinnse ag iompar clainne agus heipitíteas B orm?

I dTuaisceart Éireann, déantar gach bean ionfhabhtaithe le heipitíteas B agus iad ag iompar a atreorú chuig heipiteolaí (speisialtóir ae) chun coinne a fháil leo. Gheobhaidh tú coinne leis an chlinic ae in Oispidéal Victoria Ríoga i mBéal Feirste.

**Tá sé ríthábhachtach go bhfreastalaíonn tú ar do choinne heipiteolíochta (clinic ae).**

Fiú má d'fhreastail tú ar chlinic ae roimhe seo, tá sé tábhachtach go gceaptar coinne duit arís a luaithe agus is féidir agus tú ag iompar clainne.

Déanfaidh an speisialtóir ae roinnt tástálacha chun sláinte d'ae agus méid an víris (ionfhabhtú) i do chorp a mheas. Ag brath ar thorthaí do thástálacha, b'fhéidir go dtairgfí drugaí frithvíreasacha duit chun iad a thógáil ní ba dhéanaí agus tú ag iompar. Féadann na drugaí sin méid an víris i do chorp a ísliú agus an baol go dtabharfaidh tú an t-ionfhabhtú do do pháiste le linn breithe a laghdú. Cuirfidh an speisialtóir ae comhairle ort an gá duit cóireáil a fháil le linn duit bheith ag iompar agus pléifidh siad an méid sin leat.

## Cén uair ar chóir do mo leanbh vacsaín heipitíteas B a fháil?

Faigheann gach leanbh an vacsaín heipitíteas B anois mar chuid den ghnáthchlár imdhíonta óige (trí dháileog den vacsaín DTaP/IPV/Hib/HepB ar a dtugtar an vacsaín 6 in 1). Tabharfar vacsaíní heipitíteas B breise do leanaí a bheirtear do mháithreacha heipitíteas' B-deimhneacha, ag tosú ag am breithe, chun cabhrú le hionfhabhtú óna máithreacha a chosc le linn breithe.

Tugtar sé dháileog heipitíteas B ina bhfaightear vacsaín do leanaí a bhíonn i mbaol ionfhabhtú heipitíteas B a fhorbairt:

- vacsaín heipitíteas B go luath tar éis breithe
- vacsaín heipitíteas B ag mí amháin d'aois
- 6 in 1 ag 2 mhí d'aois
- 6 in 1 ag 3 mhí d'aois
- 6 in 1 ag 4 mhí d'aois
- vacsaín heipitíteas B ag 12 mí d'aois

I gcásanna áirithe, féadfar glóbailin imdhíonachta (antasubstaintí) heipitíteas B a thabhairt do naíonán ag am a mbreithe. Cuirfear comhairle ort má theastaíonn glóbailin imdhíonachta ó do leanbh, agus más amhlaidh, gheobhaidh do leanbh í nuair a fhaigheann siad an chéad vaicsín.

**Ba chóir go n-inseofaí duit, sula bhfágann tú an t-ospidéal, cén uair agus cén áit a bhfaighidh tú féin agus do leanbh na vacsaínithe agus ba cheart duit a chinntiú go mbeadh a fhios sin agat.**